Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht Agus Spórt

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe á riar ag an Oifig sin, chun íoc as deontais agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2017, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2016, faoi na socruithe a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá barrachas €2.26 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Is é polasaí na Roinne ná sócmhainní a dhímheas ón dáta ceannaigh gan aon dímheas a sholáthar le linn na bliana diúscartha. Gearrtar dímheas ag na rátaí seo a leanas:

Tailte agus foirgnimh – dímheas ar bith

Troscán agus feistis - 10%

Trealamh oifige - 20%

Mótarfheithiclí – 20%

Saintrealamh - 20%

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta um sheirbhísí comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go ndéanfar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, láithreacht agus oibriú na rialaithe a thuairisciú dom, faoi mar a leagtar amach sa litir sin.

Braithim ar an litir ráthaíochta seo ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí d'Fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte chun seirbhís párolla agus acmhainní daonna chomhroinnte a sholáthar.

Mar seo a leanas, léirítear an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha go léir
- tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí á chur ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. In 2017, níor thabhaigh an Roinn aon chaiteachas nár sholáthair é de réir riachtanais tairisceana Náisiúnta agus AE.
- ina theannta sin, rinneadh Rannóg Airgeadais na Roinne a dheimhniú a bheith comhlíontach le caighdeán ISO: 9001:2008 agus cuireadh síneadh ar feadh 3 bliana breise a fhad le Feabhra 2020 leis an deimhniúchán, maidir lena nósanna imeachta bainistíochta.

***Ag Feabhsú Rialaithe i dtaca le hÍocaíochtaí Deontais do Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha***

Tá san áireamh i gcaiteachas faoi Fho-cheannteideal B3 deontais ar luach €325 milliún d'fheabhsú agus do chothabháil na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. Tá an Roinn freagrach as an gclár deontais ach idir 2009 agus 2013 ghlac an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN, anois tugtar Bonneagar Iompair Éireann nó BIÉ ar an eagraíocht) freagracht do riar na ndeontas ar son na Roinne. Bhí mar chuid de ghnáthamh rialaithe de chuid BIÉ monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar oibreacha feabhsúcháin bhóithre ag innealtóirí agus ag cigirí BIÉ.

I 2013 thug BIÉ le fios nach raibh sé in ann tabhairt faoin obair seo a thuilleadh agus thóg an Roinn an fhreagracht uirthi féin arís as na deontais seo i 2014 ach ar mhaithe le héifeachtacht riaracháin baineann sí úsáid as an Údarás, mar ghníomhaire, chun na híocaíochtaí a eisiúint do na húdaráis áitiúla. Cuireann Rannán Bóithre na Roinne seiceálacha riaracháin i gcrích i dtaca le caiteachas ach suas go dtí 2017 ní dhearnadh aon chigireachtaí tionscadal. Chuaigh an chéad Chigire Innealtóireachta i mbun a dhualgas ar an 11 Deireadh Fómhair 2017. Ina theannta sin, táthar tar éis Comhairleoir Innealtóireachta Sinsearach a shannadh d’obair cigireachta agus monatóireachta. Fostaíodh dara Cigire Innealtóireachta, agus chuaigh sé i mbun a ndualgas ar an 8 Eanáir 2018. Anois tá foireann de thriúr innealtóirí atá ag obair faoin bPríomh-Chomhairleoir agus atá ag déanamh maoirseacht ar an gclár um infheistíocht i mbóithre réigiúnacha agus náisiúnta faoi stiúir an Phríomh-Chomhairleora. Fágfaidh sin go mbeifear in ann tabhairt faoi iniúchtaí ar chur chuige rioscabhunaithe.

***Ag Feabhsú Socruithe um Maoirseacht***

B’ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne in 2017 agus €1,648 milliún. I 2017, rinneadh roinnt moltaí maidir leis na socruithe uileghabhálacha atá i bhfeidhm i dtaca le rialachas corparáideach Gníomhaireachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne in iniúchóireacht inmheánach na Roinne.

Ag teacht sna sála air sin, thionscail an Roinn athbhreithniúchán ar na socraithe maoirseachta ar a ngníomhaireachtaí agus tháinig an t-athbhreithniúchán sin chun críche nuair a d’fhaomh an Bhoird Bainistíochta “Plean um Chreatlach Maoirseachta” nua i mBealtaine 2018. I measc na feabhsuithe príomhacha a tugadh isteach leis an “bPlean Creatlach Maoirseachta” áirítear

- soiléiriú de na róil agus na dualgais sa Roinn maidir le maoirseacht ar ghníomhaireachtaí
- tabhairt isteach struchtúir tuairiscithe foirmeálta don Bhord Bainistíochta chun dearcadh “il-Rannach” a léiriú maidir le comhlíonadh na gníomhaireachtaí na Roinne lena ndualgais tuarascála faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- rochtain feabhsaithe ar shaineolas airgeadais chun cúnamh a fháil maidir le socraithe monatóireachta agus maoirseachta
- scaoileadh teimpléad caighdeánach chun cuidiú leis na Rannóga Línte Comhaontú um Sheachadadh Feidhmithe le gníomhaireachtaí.

Táthar tar éis na fadhbanna a sainaithníodh in 2017 a réiteach le forbairt agus le cur i bhfeidhm an “Phlean um Chreatlach Maoirseachta” agus tá an Bord Bainistíocha agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí araon sásta leis na bearta atá curtha i bhfeidhm faoin am seo.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileáil leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na rialaithe agus ar na gníomhartha atá de dhí chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialaithe do bhaill foirne ar leith.

Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú trí uaireanta sa bhliain, agus sa ráithe eile dírítear ar chothabháil agus feabhsú córais. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina dheimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an bainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le Rialú Airgeadais Inmheánach***

Níor tugadh aon lagaithe sna rialaithe inmheánacha airgeadais faoi deara maidir le 2017 a raibh, nó a bhféadfar go mbeidh, caillteanas ábharach mar thoradh air.

**Graham Doyle**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

11 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, Turasóireachta agus Spóirt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Meán Fómhair 2018

# Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | 27,255 | 25,285 | 25,783 |
| B | Iompar ar tír | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,456,930 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,500 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,647 | 1,474,077 | 1,475,083 | 1,466,928 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | 95,791 | 87,286 | 91,300 |
| D | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 108,107 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,322 | 114,429 | 107,762 | 128,771 |
| E | Seirbhísí turasóireachta | | 121,971 | 123,692 | 123,325 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,810,054 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,500 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,969 | **1,833,523** | **1,819,108** | **1,836,107** |
| | *Luíde* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 367,947 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,499 | **380,446** | **379,243** | **383,627** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,442,107 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,969 | | | |
| | | | **1,453,077** | **1,439,865** | **1,452,480** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le bheith curtha le caiteachas na bliana ina dhiaidh.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 13,212,200 | 13,878,891 |
| Géilleadh iarchurtha | (10,950,000) | (10,969,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,262,200** | **2,909,891** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

11 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 1,784,530 | 1,803,442 |
| Pá | | 28,133 | 26,625 |
| Neamhphá | | 6,445 | 6,040 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,819,108** | **1,836,107** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **379,243** | **383,627** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,439,865** | **1,452,480** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (4,413) | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 27 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | (27) | | |
| Dímheas | 3,684 | | |
| | | (729) | (1,529) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 172 | | |
| Laghdú ar stoc | 233 | | |
| | | 405 | (118) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,439,541** | **1,450,833** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 16,766 | 14,585 |
| Measchíosanna | | 3,785 | 4,045 |
| **Costas chláir ghlan** | | **1,460,092** | **1,469,463** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 31 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 120 | 135 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 12,289 | 9,973 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 3,901 | 4,188 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 58 | 51 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 398 | 238 |
| | | **16,766** | **14,585** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **14,423** | **13,694** |
| | | **14,423** | **13,694** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 8,381 | 11,386 |
| Stoic | 2.4 | 1,202 | 1,435 |
| Réamhíocaíochtaí | | 888 | 1,057 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,131 | 240 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **11,602** | **14,118** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,592 | 2,589 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,643 | 555 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 7,869 | 11,071 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,104** | **14,215** |
| **Glansóchmainní/glandliteanais reatha** | | **(502)** | **(97)** |
| **Glansócmhainní** | | **13,921** | **13,597** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **13,921** | **13,597** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 13,597 | 11,950 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,453,077 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (10,950) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,262) | | |
| Vóta glan | | | 1,439,865 | 1,452,480 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 16,766 | 14,585 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,785 | 4,045 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,460,092) | (1,469,463) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **13,921** | **13,597** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótarfheithiclí | Saintrealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 2,396 | 21,431 | 1,932 | 14,208 | 21,719 | 61,686 |
| Breiseanna | 74 | 1,000 | 33 | 1,386 | 1,920 | 4,413 |
| Athaicmiú | — | 1,467 | (1,467) | — | — | — |
| Diúscairtí | — | (508) | (53) | (185) | — | (746) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 2,470 | 23,390 | 445 | 15,409 | 23,639 | 65,353 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | — | 18,123 | 1,609 | 9,950 | 18,310 | 47,992 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,391 | 7 | 1,238 | 1,048 | 3,684 |
| Athaicmiú | — | 1,196 | (1,196) | — | — | — |
| Diúscairtí | — | (508) | (53) | (185) | — | (746) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | — | 20,202 | 367 | 11,003 | 19,358 | 50,930 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **2,470** | **3,188** | **78** | **4,406** | **4,281** | **14,423** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 2,396 | 3,308 | 323 | 4,258 | 3,409 | 13,694 |

Tá an Roinn i gcomhairlí leanúnach leis an OOP maidir le úinéireacht an chuid is mó den €2.47 milliún de thailte agus d'fhoirgnimh a bhaineann le foirgnimh Garda Cósta áirithe. Níl aon dímheas tar éis a bheith gearrtha ar feitheamh ar thoradh a leithéid de dhíospóireacht.

Rinneadh sócmhainní áirithe a ath-aicmiú ó troscán agus feistis go trealamh oifige le linn 2017.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 8,213 | 11,269 |
| Cuntais bhainc tráchtála | 168 | 117 |
| | **8,381** | **11,386** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus soláthraithe oifige | 23 | 23 |
| Tomhaltáin TF | 73 | 51 |
| Tomhaltáin speisialta (Garda Cósta na hÉireann) | 1,106 | 1,361 |
| | **1,202** | **1,435** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí | 323 | 211 |
| Pinsin Ingnóthaithe | 790 | — |
| Eile | 18 | 29 |
| | **1,131** | **240** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncam & Muirear Sóisialach Uilíoch | 659 | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 297 | 3 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 64 | 13 |
| Cáin Bhreisluacha | 203 | 278 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 55 | 227 |
| Muirir um Pinsin | 62 | 31 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 166 | — |
| | 1,506 | 552 |
| Eile | 137 | 3 |
| | **1,643** | **555** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 2,262 | 2,910 |
| Géilleadh iarchurtha | 10,950 | 10,969 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,343) | (2,808) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **7,869** | **11,071** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc | 8,381 | 11,386 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,131 | 240 |
| | 9,512 | 11,626 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,506) | (552) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (137) | (3) |
| | (1,643) | (555) |
| | | |
| | **7,869** | **11,071** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais Uilíoch**

| ag 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 297,280 | 350,172 |
| Cláir deontais chaipitil | 148,621 | 119,493 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **445,901** | **469,665** |

**b) Ceangaltais a ndearnadh iad faoi Cheannteidil Sholáthair**

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála | 273,358 | 329,864 |
| Aerfoirt | 6,798 | 8,357 |
| Ceadúnú feithiclí/tiomána | 13,601 | 7,737 |
| An taisteal inbhuanaithe | — | 400 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 263 | 257 |
| Teicneolaíocht faisnéise | 148 | 273 |
| Taighde Straitéiseach | 35 | — |
| Seirbhísí Garda Cósta | 3,077 | 3,284 |
| | **297,280** | **350,172** |

**c) Ceangaltais Deontais Chaipitil**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 119,493 | 142,866 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (45,641) | (53,088) |
| Dídhílsithe deontais nua | 75,011 | 40,065 |
| Dídhílsithe deontais | (242) | (10,350) |
| Iarmhéid deiridh | **148,621** | **119,493** |

**d) Ceangaltais Mhóra Chaipitil**

| | Caiteachas carnach ag 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2017 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Limistéir Taistil níos Cliste | 22,050 | 700 | 500 | 23,250 | 23,250 |
| An Clár Caipitil Spóirt | 13,087 | 12,039 | 4,874 | 30,000 | 30,000 |

Baineann an Clár Caipitil Spóirt a bhfuil luach de €30 milliún ann go sonrach leis an infheistíocht atá curtha le Páirc Uí Chaoimh.

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais theagmhasacha gan díluchtú faoi dheireadh na bliana. | **920** | **57** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

## Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Sa nóta seo a leanas léirítear anailís den caiteachas riaracháin faoin Vóta agus breactar amach ann na cúiseanna atá leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá an caiteachas riaracháin cionroinnte thar na cláir go léir chun na costais iomlán a láithriú.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 29,645 | 28,133 | 26,625 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,030 | 1,271 | 1,081 |
| iii | Costais theagmhasach atá i gceist leis an Oiliúint agus an bhForbairt | 1,964 | 1,993 | 1,597 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 400 | 378 | 702 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,658 | 1,666 | 1,611 |
| vi | Costais áitribh oifige | 600 | 497 | 767 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 599 | 640 | 282 |
| | | **35,896** | **34,578** | **32,665** |

## Clár A Eitlíocht shibhialta

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 2,968 | 2,813 | 2,661 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 739 | 644 | 605 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | 13,350 | 13,213 | 13,300 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | 10,198 | 8,615 | 9,217 |
| | | **27,255** | **25,285** | **25,783** |

**Comhathrú Suntasach**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.9 milliún ní b'ísle ná mar a measadh (arb ionann sin agus athraitheas 7%). Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

A.4 *Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €10.2 milliún, toradh: €8.6 milliún.

Ar an iomlán, bhí €1.6 milliún níos lú de chaiteachas ar sheirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta ná mar a bhí foráilte.

Tá seirbhísí eitlíochta ilghnéitheacha a bhaineann le síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla e.g. Eurocontrol agus íocaíochtaí maidir le feidhmiú aerspás na hÉireann. Íocann an Roinn as na costais seo a bhí €1.1 milliún ní ba lú i 2017 ná mar a bhíothas ag súil leis. Braitheann na costais seo ar an trácht a bhíonn ann sa bhliain atá faoi chaibidil. Ní féidir tuar cruinn a dhéanamh ar an méid tráchta a bheidh ann. Déantar forálacha ar bhonn docht ach i 2017 bhí an meastachán a rinneamar ar bhonn stuama thar an méid a n-oireadh. Ina theannta sin, bhí coigilteas de €0.4 milliún ann de bharr seirbhísí díolmhaithe. Baineann seirbhísí díolmhaithe leis an aisíocaíocht d'Údarás Eitlíochta na hÉireann as costas na seirbhísí cumarsáide aerloingseoireachta a chuireann an tÚdarás ar fáil d'aicmí áirithe sainithe d'úsáideoirí aerspáis (mar shampla aerárthaí míleata, aerárthaí stáit) a bhfuil an tAire tar éis a ordú go ndéanfaidh an tÚdarás iad a dhíolmhú ó a leithéid de chostais a íoc (de réir an Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, Alt 45). Agus, ag deireadh, bhí na costais árachais €105,000 ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár B Iompar ar tír

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 10,400 | 10,691 | 10,118 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | 1,946 | 2,449 | 2,295 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bhóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 781,334 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | 784,334 | 787,534 | 811,798 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,116 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 347 | 5,463 | 5,236 | 4,819 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | | 15,200 | 15,727 | 15,712 |
| B.6 | Laghdú carbóin | | | 2,500 | — | 12,116 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | | | 279,354 | 278,648 | 249,804 |
| B.8 | An t-iompar poiblí agus inbhuanaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 355,208 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,500 | 369,008 | 368,908 | 354,738 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí | | | 5,794 | 5,836 | 5,438 |
| B.10 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | 78 | 54 | 90 |
| | | | | **1,474,077** | **1,475,083** | **1,466,928** |

**Comhathrú Suntasach**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €1 milliún ní b'airde ná mar a bhí foráilte (i dtosach báire). Bhí an difríocht seo mar thoradh ar an méid seo a leanas, go príomha:

*B.2 Riarachán - neamhphá*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.9 milliún, toradh: €2.5 milliún

Bhí an méadú i gcaiteachas mar thoradh ar chaiteachas ar infheistíocht TF a bhí ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis, lena n-áirítear boilsciú de bharr costas tionscadail áirithe sa tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána.

*B.6 Laghdú carbóin*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.5 milliún, toradh: €nialas

Ba é 2017 an chéad bhliain do na cláir um laghdú astaíochtaí carbóin agus cé go ndearnadh forbairt beartais substaintiúil níor éirigh le haon chlár leanúint ar aghaidh go dtí an céim maoiniúcháin. Cuireadh na cláir seo i gcrích chun cur le roghnúcháin teicneolaíochtaí ar bheagán carbóin, atá tíosach ar fhuinneamh, in earnáil an chórais phoiblí iompair. Tá tús tar éis a bheith curtha leis an gclár tar éis do 2017. Leithdháileadh an tearc-chaitheamh €2.5 milliún do chláir eile i 2017, lena n-áirítear cláir a spreagann modhanna taistil nach bhfuil chomh díobhálach don timpeallach.

B.8 *An t-iompar poiblí agus inbhuanaithe*

Forlíontach €12.5 milliún

De réir an phróifíl buiséid comhaontaithe le haghaidh tionscadal an Luas Tras-Cathrach, clúdaíodh gné amháin de na costais a tharla in 2017 le scaoileadh Tobhaigh faoi Alt 49 a bhfuil Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) dá gcoimeád. Bailigh BIÉ na tobhaigh seo, ar luach de €12.5 milliún iad, faoi Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 maidir leis na sínithe don líne Luas chun Choill na Silíní agus chun Cheantar na Dugaí. Tá an BIÉ tar éis na tobhaigh a ghéilleadh don RTTS le bheith ath-leithdháilte ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh costais a bhaineann le tionscadal an Luas tras-cathrach. Sa Mheastachán Teicniúil Forlíontach rinneadh foláireamh d'ath-leithdháileadh na gcistí.

## Clár C Iompar agus sábháilteacht mhuirí

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 13,609 | 12,097 | 11,449 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 2,891 | 2,772 | 2,597 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann | 79,205 | 72,332 | 77,174 |
| C.4 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | 86 | 85 | 80 |
| | | **95,791** | **87,286** | **91,300** |

**Comhathrú Suntasach**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €8.5 milliún ní b'ísle ná mar a bhí foráilte (i dtosach), agus b'ionann sin agus athraitheas 9%. Den chuid is mó, ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an ndifríocht:

*C.1 Riarachán - pá*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €13.6 milliún, toradh: €12.1 milliún.

In 2017, bhí 17 post breise ceadaithe san iomlán; 13 post do Gharda Cósta na hÉireann agus 4 phost d'Oifig na Suirbhéireachta Muirí. Is é ba chúis leis an dtearc-chaitheamh ná an méad ama a bhí i gceist leis an bpróiseas earcaíochta chun na poist sainfheidhmeacha a bhí ní b'fhaide ná mar a bhíothas ag súil leis.

*C.3 Riarachán Muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €79.2 milliún, toradh: €72.3 milliún.

Baineann coigilteas de €3 milliún le Coimisinéirí Soilse na hÉireann (CSÉ) a bhí in ann níos mó dá gcostais oibriúcháin a mhaoiniú óna gcuid n-acmhainní féin ná mar a bhí measta ar dtús.

Tharla tearc-chaitheamh de €3.5 milliún go príomhach mar gheall ar chostas a bhaineann le Garda Cósta na hÉireann maidir le oibriúchán héileacaptair cuardach agus tarrthála. Bhí seirbhís teoranta ar fáil ar feadh tréimhse ama tar éis caillteanas héileacaptair agus a chriú in aerthimpiste a tharla amach ó chósta Mhaigh Eo i mí an Mhárta 2017.

## Clár D Seirbhísí spóirt agus áineasa

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | | 1,769 | 1,688 | | 1,598 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 428 | 387 | | 362 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 43,975 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,500 | 47,475 | 33,775 | | 39,624 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,200 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,322 | 5,522 | 5,522 | | 4,278 |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 52,735 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,500 | 54,235 | 61,840 | | 78,416 |
| D. 6 | Cistiú do bhearta spóirt ó na cuntais díomhaoin | | 5,000 | 4,550 | | 4,493 |
| | | | **114,429** | **107,762** | | **128,771** |

**Comhathrú Suntasach**

Athraíodh an t-am lena dhéantar an infheistíocht in dhá thionscadal mhórscála, agus d'fhág sé sin go raibh an infheistíocht i gClár D €6.6 milliún ní b'ísle ná mar a rinneadh meastachán leis ar dtús.

*D.3 Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa*

Suim soláthraithe sa mheastachán €47.4 milliún, toradh €33.7 milliún

Baineann €7.5 milliún den tearc-chaitheamh le moillí sa Tionscadal Kerry Academy ar bhonn díreach. Tá an maoiniú seo tar éis a bheith tarraingthe anonn go 2018 agus caithfear go léir iad ar chur chun críche an tionscadail. Tá an méid atá sa tearc-chaithimh mar thoradh ar an amú de caiteachas ar Chaipiteal ós rud é go mbraitheann íostarraingtí ar chumas an deontaí téarmaí agus coinníollacha an deontais a shásamh roimh don íostarraingt.

*D.5 Spórt Éireann*

Suim soláthraithe sa mheastachán €54.2 milliún, toradh €61.8 milliún

Rinne Spórt Éireann iarraidh ar thús Chéim 2 den tionscadal um Airéine Náisiúnta faoi Dhíon a iarchur. Tar éis do próiseas idir-réitigh idir Spórt Éireann agus an conraitheoir, cuireadh tús le Céim 2 den Airéine Náisiúnta faoi Dhíon i 2017. Chuir an Roinn €7.5 m sa bhreis ar fáil chun an chéim seo den tionscadal a mhaoiniú.

*D.6 Cistiú do bhearta spóirt ó na cuntais díomhaoin*

Suim soláthraithe sa sa mheastachán €5 milliún, toradh €4.5 milliún

Cuireadh moill ar an bpróiseas iarratais chuig Spórt Éireann maidir le maoiniú ó na gcuntais dhíomhaoine chun feitheamh ar an Plean Gníomhaíochta um na Cuntais Dhíomhaoine 2017, lena rialaítear leithdháileadh an maoiniúcháin go léir, a bheith faofa.

## Clár E Seirbhísí turasóireachta

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | 899 | 844 | 799 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 247 | 193 | 181 |
| E.3 | Fáilte Éireann | 57,921 | 59,201 | 57,347 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta - deontas le haghaidh riarachán agus speansais ghinearálta | 14,601 | 14,601 | 14,430 |
| E.5 | Ciste Margaíocht Turasóireachta | 35,853 | 36,403 | 35,053 |
| E.6 | Forbairt Táirge Turasóireachta | 12,450 | 12,450 | 15,515 |
| | | **121,971** | **123,692** | **123,325** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| 1. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 3,364 | 3,548 | 3,478 |
| **Eitlíocht shibhialta** | | | | | |
| 2. | Aisíocaíocht síntiúis Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 7,095 | 5,911 | 6,238 |
| 3. | Aisghabháil cíosanna, srl an Údaráis Eitlíochta na hÉireann | | 394 | 394 | 394 |
| 4. | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | | 2,391 | 2,036 | 2,655 |
| **Iompar ar tír** | | | | | |
| 5. | Táillí ceadúnais iompar bóthair | | 700 | 1,140 | 1,287 |
| 6. | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | | 345,500 | 345,500 | 361,243 |
| 7. | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,488 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,499 | | | |
| | | | 14,987 | 14,970 | 2,460 |
| **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | | |
| 8. | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | | 450 | 537 | 491 |
| **Seirbhísí turasóireachta** | | | | | |
| 9. | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | | 175 | 257 | 311 |
| **Seirbhísí spóirt** | | | | | |
| 10. | Fáltais phinsin ó Spórt Éireann | | 90 | 91 | 133 |
| 11. | Cuntais díomhaoine | | 5,000 | 4,551 | 4,493 |
| **Fáltais ilghnéitheacha** | | | | | |
| 12. | Fáltais ilghnéitheacha | | 300 | 308 | 444 |
| | **Iomlán** | | **380,446** | **379,243** | **383,627** |

**Comhathrú Suntasach**

San iomlán, bhí €1.2 milliún níos lú i gceist le Leithreasaí-i-gCabhair ná mar a bhí measta sa mheastachán.

Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 *Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €3.3 milliún, toradh: €3.5 milliún.

Is é ba chúis leis an méadú de €0.2 milliún ná go raibh méadú ar an méid earcaíochta sa Roinn, rud a d'fhág go raibh méadú sa mhéad asbhaintí phinsean-choibhneasa.

2 *Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €7 milliún, toradh: €5.9 milliún.

Íocann an Roinn táillí bliantúla síntiúis d´Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, m.sh. Eurocontrol, agus forchúitíonn sí costais ó Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ). Bhí a leithéid de chostais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa bhliain, faoi mar a léirítear i bhFo-cheannteideal A4, agus bhí na suimeanna a forchúitíodh níos ísle dá réir, ar aon dul leis an gcomhaontas atá againn leis an ÚEÉ.

4 *Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.4 milliún, toradh: €2 milliún.
Forchúitíonn an Roinn costais áirithe ó Údarás Eitlíochta na hÉireann do réimse na heitlíochta le haghaidh árachais, tuarastal, costais taistil agus cothabhála srl., nuair a bhaineann siad seo le réimsí polasaí leithéidí polasaí loingseoireachta aeir agus polasaí sábháilteachta aeir. I 2017, bhí na costais seo ní b'ísle ná mar a bhí measta ar dtús.

*5 Táillí ceadúnais iompar bóthair*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.7 milliún, toradh: €1.1 milliún.

Mar gheall ar an gcor chun feabhais sa gheilleagar ar bóthar, fuarthas ní ba mhó iarratas agus táillí gaolmhara ar cheadúnais agus ar athnuachan ná mar a rabhthas ag súil leis.

7 *Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír*

*Ioncam Forlíontach €12.5 milliún.*

De réir an phróifíl buiséid comhaontaithe le haghaidh tionscadal an Luas Tras-Cathrach, clúdaíodh gné amháin de na costais a tharla i 2017 le scaoileadh Tobhaigh faoi Alt 49 a bhfuil Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) dá gcoimeád. Bailigh BIÉ na tobhaigh seo, ar luach de €12.5 milliún iad, faoi Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 maidir leis na sínithe don líne Luas chun Choill na Silíní agus chun Cheantar na Dugaí. Tá an BIÉ tar éis na tobhaigh a ghéilleadh le bheith ath-leithdháilte ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh costais a bhaineann le tionscadal an Luas tras-cathrach. Sa Mheastachán Forlíontach déantar foláireamh don beartaíocht chun na cistí i gceist a ath-leithdháileadh do caiteachas um thionscadal an Luas Tras-Chathrach in 2017.

*8 Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang 1919*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.45 milliún, toradh: €0.54 milliún.

Is é ba chúis leis an méadú ar líon na n-admhálacha a fuarthas ná an méadú ar líon na maraithe a rinne iarratas ar deimhniú chomh maith leis an gníomhaíocht suirbhéireachta a leanadh ar aghaidh leis.

*11 Cuntais Díomhaoine*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €5 milliún, toradh: €4.6 milliún.

Figiúr measta atá i gceist le fáltais na gcuntas díomhaoin. I 2017, bhí na fáltais €0.4 milliún ní b'ísle ná sa mheastachán. (Tá an fáltas seo bainte leis an caiteachas ó na cuntais dhíomhaoine ar D6 atá níos lú ná mar a rinneadh meastachán air chomh maith).

## 4.2 Fáltais Bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a] | 11 | 11 |
| Athchistithe de dheontais chaipitil spóirt [b] | 31 | 31 |
| Athchistiú deontas an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre neamhchaite | — | 292 |
| Fáltas ó Bhus Éireann maidir le hiompras scoile [c] | 166 | 247 |
| Fáltas an AE le haghaidh Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach [d] | 2,565 | — |
| Díol caipitiúil sócmhainní | — | 10 |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [e] | 467 | 483 |
| Aisíocaíocht an iarmhéid bainc | — | 38 |
| Díbhinn ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath [f] | 29,100 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (32,174) | (1,112) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **166** | — |

[a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) ar son an Aire.

[b] Tugadh maoiniú deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn scrúdú air, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an maoiniú anuais 2006 ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipitil Spóirt.

[c] Baineann an fáltas ó Bhus Éireann d´iompar scoile le muirear dímheasa a íoctar d´úsáid feithiclí de chuid Bus Éireann ar bhealaí éagsúla.

[d] Airgead a fuarthas ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán Nuálaíochta & Líonraí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach. Is gné croí-lárnach den uasghrádú a bhfuiltear ag déanamh ar sheirbhísí iarnróid é an Tionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach ionas go mbeifear in ann forleathnú toilleadh breise laistigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus seachadadh an Clár Forleathnaithe DART foriomlán. Leis an obair seo cuirfear 5 bhealach traenach breise leis an tseirbhís san uair, i ngach treo, (suas ó 12 faoi láthair go dtí 17) sa cheantar ríthábhachtach timpeall Lár na Cathrach.

[e] Gníomhaíonn an Roinn mar an t-idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[f] Fuarthas díbhinn maidir le scairshealbhú in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith bhliain airgeadais 2016.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| **An Roinn** | 486 | 459 |
| **Gníomhaireachtaí** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 18 | 20 |
| Fáilte Éireann | 339 | 324 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 34 | 35 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 83 | 82 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 15 | 14 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 326 | 322 |
| Turasóireacht Éireann | 146 | 142 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 255 | 256 |
| Spórt Éireann | 36 | 34 |
| | **1,738** | **1,688** |

## 5.2 Pá

| **Foireann na Roinne amháin** | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 24,782 | 23,577 |
| Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 476 | 416 |
| Liúntais eile | 551 | 445 |
| Ragobair | 554 | 589 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,770 | 1,598 |
| **Pá iomlán**[a] | **28,133** | **26,625** |

[a] Tá an figiúr iomlán pá dáilte thar fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1, D.1, E.1

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoir í a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht iomlán aonair 2017<br>€ | Uasíocaíocht iomlán aonair 2016<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 108 | 44 | 26,374 | 20,374 |
| Liúntais eile | 96 | 2 | 25,083 | 17,228 |
| Ragobair | 79 | 17 | 21,378 | 36,510 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 57 | 44 | 41,505 | 43,624 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar costas iomlán de €41,505. Cuireadh rialacha lacáiste um pinsin i bhfeidhm de réir mar is cuí.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí 78 ró-íocaíocht ar leith ag deireadh bliana ar luach de €56,982 san iomlán i gcomparáid le 33 ró-íocaíocht ar leith i 2016 (ar luach de €64,841 san iomlán). Tá pleananna téarnaimh curtha i bhfeidhm maidir le hiomlán an €56,982 de ró-íocaíochtaí.

# 6. Ilghnéitheach

## 6.1 Tabhairt Anonn go dtí 2018

Faoi fhoráil alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €10.95 milliún i leithdháileadh tearc-chaite i dtaca le gnéithe caipitiúla d'fhotheidil B.7, B.8, C.3 ,D.3 agus E.7 anonn go dtí 2018.

## 6.2 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh a leithéid de chásanna a thuar.

## 6.3 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I Meán Fómhair 2016, cuireadh tús le fiosrúchán neamhreachtúil ar na cúinsí agus na fíricí a bhain le ticéid a athdhíol le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Rio. Amhail 31 Nollaig 2017, bhíothas tar éis íocaíochtaí ar luach €312,765 a dhéanamh maidir le costais an fhiosrúcháin. Amhail 31 Nollaig 2017, bhí an fiosrúchán críochnaithe agus ní bheidh aon caiteachas breise tabhaithe.

## 6.4 Costais dhlíthiúla

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon cásanna | Costais dlí na Roinne | Costais dlí a bronnta | Cúiteamh bronnta é | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh a rinne daoine den phobal** | | | | | | |
| Bainistithe ag an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 8 | 17 | 375 | — | 392 | 96 |
| Eile | 3 | 6 | — | — | 6 | 312 |
| | | **23** | **375** | **—** | **398** | **408** |

## 6.5 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €95.6 milliún (€118.04 milliún i 2016) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá liosta iomlán d'íocaíochtaí do dheontaithe faoi fho-cheannteideal D.3 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.dttas.ie

## 6.6 Maoiniú ón AE

Áirítear san toradh atá á thaispeáint i bhFocheannteideal B.8 an t-iompar poiblí agus inbhuanaithe an íocaíocht maidir le gníomhartha lena gcomhmaoinítear iad leis an ERDF. Tá meastacháin ar chaiteachas agus ar thoradh iarbhír mar seo a leanas:

| | 2017 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Cuir síos ar Fhotheideal** | | | |
| B.8 An tíompar poiblí agus inbhuanaithe | 744 | — | 14 |

## Aguisín A Cuntas comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail ar dheireadh Mhárta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/ Rannach | Tréimhse chuntasaíochta a dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta ar a bhfuair an tAire/an Roinn é | Dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| Bus Éireann | 2015 | 6 Aibreán 2016 | 30 Bealtaine 2016 | 8 Iúil 2016 |
| Bus Átha Cliath | 2015 | 6 Aibreán 2016 | 18 Meitheamh 2016 | 8 Iúil 2016 |
| Turais Idirnáisiúnta C.I.É. | 2015 | 6 Aibreán 2016 | 8 Samhna 2016 | 9 Samhna 2016 |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 2016 | 19 Bealtaine 2017 | 26 Iúil 2017 | 11 Deireadh Fómhair 2017 |
| Córas Iompair Éireann (CIÉ) | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 7 Iúil 2017 | 1 Meán Fómhair 2017 |
| Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | 2016 | 21 Márta 2017 | 30 Márta 2017 | 23 Bealtaine 2017 |
| Cuideachta Poirt Dhroichead Átha | 2016 | 4 Aibreán 2017 | 6 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath | 2016 | 31 Márta 2017 | 5 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire | 2016 | 2 Bealtaine 2017 | 4 Bealtaine 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Cuideachta Cuain na Gaillimhe | 2016 | 5 Aibreán 2017 | 6 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Iarnród Éireann | 2015 | 6 Aibreán 2016 | 12 Bealtaine 2016 | 8 Iúil 2016 |
| Údarás Eitlíochta na hÉireann | 2016 | 24 Márta 2017 | 27 Márta 2017 | 21 Aibreán 2017 |
| An Bord um Thaismí Muirí | 2016 | 16 Meitheamh 2017 | 12 Eanáir 2018 | 25 Eanáir 2018 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2016 | 14 Nollaig 2017 | 21 Nollaig 2017 | 16 Eanáir 2018 |
| An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta – Fáilte Éireann | 2016 | 29 Meitheamh 2017 | 30 Meitheamh 2017 | 8 Samhain 2017 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2016 | 22 Meitheamh 2017 | 29 Meitheamh 2017 | 26 Meán Fómhair 2017 |
| Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin | 2016 | Neamhbhainteach | 25 Marta 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Cuideachta Phort Chorcaí | 2016 | 7 Aibreán 2017 | 7 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Cuideachta Cuain Phort Láirge | 2016 | 5 Aibreán 2017 | 11 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 2016 | 31 Bealtaine 2017 | 8 Meitheamh 2017 | 15 Lúnasa 2017 |
| Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge | 2016 | 31 Márta 2017 | 21 Aibreán 2017 | 10 Iúil 2017 |
| Grúpa na Sionainne | 2016 | 29 Márta 2017 | 10 Aibreán 2017 | 25 Aibreán 2017 |
| Spórt Éireann | 2015 | 13 Nollaig 2016 | 8 Feabhra 2017 | 30 Bealtaine 2017 |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | 2016 | 11 Nollaig 2017 | 22 Nollaig 2017 | 30 Eanáir 2018 |
| Turasóireacht Éireann | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 25 Lúnasa 2017 | 9 Samhain 2017 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 2016 | 30 Meitheamh 2017 | 13 Iúil 2017 | 28 Iúil 2017 |